**An Bhruiséil, 15 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8468/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0095 (NLE)**

**JAI 522**
**COPEN 103**
**EPPO 6**
**GAF 10**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2023/133 a mhéid a bhaineann le comhalta an phainéil roghnúcháin a ionadú dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939<br>– Glacadh |

1. De bhun Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, is 12 dhuine a bheidh ar phainéal roghnúcháin OIPE, daoine a roghnófar as measc iarchomhaltaí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Iniúchóirí, iarchomhaltaí náisiúnta Eurojust, comhaltaí na gcúirteanna uachtaracha náisiúnta, ionchúisitheoirí ardleibhéil agus dlíodóirí a bhfuil inniúlacht aitheanta acu. Ceapadh comhaltaí phainéal roghnúcháin reatha OIPE le Cinneadh (AE) 2023/133 ón gComhairle an 17 Eanáir 2023[1]. Le Cinneadh (AE) 2024/1777 ón gComhairle[2], ceapadh comhalta chun teacht in ionad comhalta amháin den phainéal roghnúcháin i mí an Mheithimh 2024.

[1] Cinneadh (AE) 2023/133 ón gComhairle an 17 Eanáir 2023 lena gceaptar comhaltaí an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 (IO L 17, 19.1.2023, lgh. 90–91, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/133/oj)

[2] Cinneadh (AE) 2024/1777 ón gComhairle an 20 Meitheamh 2024 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2023/133 a mhéid a bhaineann le comhalta an phainéil roghnúcháin a ionadú (IO L, 2024/1777, 24.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1777/oj).

2. Mar a tharla roimhe seo, d'éirigh duine de chomhaltaí phainéal roghnúcháin reatha OIPE as oifig agus ní mór duine eile a chur ina ionad chun leanúnachas ghníomhaíochtaí an phainéil a áirithiú. An 23 Aibreán 2025, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2023/133 lena gceaptar comhaltaí an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939. Moltar sa togra Johanna Hervonen, Príomh-Ionchúisitheoir Cheantar Ionchúisimh Dheisceart na Fionlainne, a cheapadh mar chomhalta de phainéal roghnúcháin OIPE chun teacht in ionad an chomhalta atá ag éirí as oifig, Tuire Tamminiemi.

3. Tar éis comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn maidir leis an togra, thángthas ar chomhaontú ar an leibhéal teicniúil.

4. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an Cinneadh thuasluaite, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 8467/25 é, a ghlacadh.